



Eleathanach 396



Dé Luain, an 22 Samhain 2021

Soilse Fiáine sa Zú

Tá na Soilse Fiáine ar oscailt arís i Zú Bhaile Átha Cliath. Bíonn siad ar siúl gach bliain seachas an bhliain seo caite ar ndóigh. Tá siad i bPáirc an Fhionnuisce sa zú.

Téann a lán duine chuig na Soilse Fiáine nuair a bhíonn sé dorcha agus seasann na soilsí amach. Bíonn siad ar siúl sa gheimhreadh. Ní bhíonn na hainmhithe amuigh mar go mbíonn sé an-fhuar.

Bíonn na Soilse Fiáine ar siúl ó mhí na Samhna go mí Eanáir. Tosaíonn siad ag a 5 a chlog agus críochnaíonn siad ag a 10 a chlog. Is é "Timpeall na Cruinne" téama na bliana agus tá soilse ann chun tíortha ar fud an domhain a léiriú.



Barróg le Ronaldo

Seachtain go leith ó shin, bhí Éire ag imirt i gcoinne na Portaingéile. Chríochnaigh an cluiche ar comhscór 0-0. Nuair a bhí an cluiche críochnaithe, rith cailín óg Addison Whelan amach ar an bpáirc. Tá sí 11 bhliain d'aois agus is breá léi Ronaldo.

Rith sí go Ronaldo agus thug sí barróg mhór dó. Bhí sí an-sásta. Bhain Ronaldo a gheansaí de agus thug sé d'Addison é. Thug sé barróg mhór di arís.

Ní raibh cead aici a bheith ar an bpáirc an lá sin ach cúpla lá ina dhiaidh sin bhí sí ar pháirc sacair eile le cead! Nuair a bhuaigh foireann na mban Shelbourne an tsraith bhí cuireadh ag Addison a bheith leo don cheiliúradh.



Pingu an phiongain

Bhí piongain le feiceáil ar thrá sa Nua-Shéalainn ar an dara lá déag de mhí na Samhna. Tá an phiongain thart ar 3000km ó bhaile.

Is í Antartaice baile na piongaine agus Pingu is ainm di.

Bhí daoine ag siúl ar an trá nuair a chonaic siad Pingu. Thug siad deoch agus **caoineog** éisc di. Chuir siad ar ais san fharraige í an lá dár gcionn.

Tá Pingu an-chailiúil timpeall an domhain anois. Is rud neamhghnách é seo agus is é seo an tríú huair gur éirigh le piongain dul chomh fada leis an Nua-Shéalainn.



Go minic bíonn torthaí agus glasraí i gcaoineog ach bhí éisc sa cheann do Pingu!



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath-Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire, BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscoláiochta

